



Doiciméad Treorach do Sheirbhísí Luathbhlianta: COVID-19

Clár Ábhar

Réamhrá	2
Cuid 1:Roimh an oscailt - Ullmhacht 3	
1. Fógra a thabhairt do Tusla	3
2. Beartais.....	4
2.1 Beartas um rialú ionfhabhtaithe	4
2.2 Beartas um bainistiú riosca	5
3. Foireann	6
3.1 Uainchlár Foirne	6
3.2 Oiliúint foirne	6
4. Cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le cuairteoirí eile ar an tseirbhís.	7
5. Timpeallacht fhisiceach - foirgneamh	8
Cuid 2:Ar Oscailt agus i bhFeidhm - Príomhréimsí le machnamh a dhéanamh chun a bheith slán	11
1. Taifid tinrimh	11
2. Sláinteachas láimhe	11
3. Sláinteachas pearsanta / béasaíocht riospraíde	12
4. Cás amhrasta COVID- 19	13
5. Scaradh sóisialta a choimeád nuair is féidir	13
6. An Timpeallacht a Ghlanadh	14
7. Bainistiú Dramhaíola.....	15
8. Trealamh cosanta pearsanta (TCP)	15
9. Aeráil.....	16
11. Súgradh agus gníomhaíochtaí lasmuigh	16
12. Soláthar bia	17
13. Codladh/scíth	17
14. Tuilleadh eolais.....	18

Réamhrá

Chun ullmhú don athoscailt chéimnithe de na seirbhísí luathbhlianta, d'eisigh Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte FSS (IFCS) treoir shaineolach le déanaí, a scríobhadh go sonrach don earnáil chúram leanaí.

Chun cuidiú le soláthraithe, d'fhorbair Cigireacht Luathbhlianta Tusla treoir agus faisnéis maidir le conas pleanáil le haghaidh athoscailte agus feidhmiú chomh sábháilte agus is féidir le linn na tréimhse seo. Tá seicliosta féinmheasúnaithe COVID-19 forbartha againn freisin chun an doiciméad treorach seo a chomhlánú. Ba cheart an seicliosta seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

Mar sholáthraí luathbhlianta, tá eolas agat cheana ar conas scaipeadh galar tógálach i do sheirbhís a bhainistiú agus a rialú. Tá sraith uathúil dúshlán ann romham de bharr COVID-19. Cé go gcabhróidh go leor de na próisis agus na nósanna imeachta a bhí agat roimhe seo, caithfear iad a athbhreithniú chun comhairle reatha sláinte phoiblí a chur san áireamh. Déantar scaipeadh an ionfhabhtaithe COVID-19 a íoslaghdú trí leanaí agus baill foirne a eagrú i ngrúpaí nó i "meithleacha súgartha" sa mhéid go bhfuil sé seo praiticiúil, agus mínítear cur i bhfeidhm meithleacha súgartha níos déanaí sa doiciméad seo.

Atosóidh cigireachtaí rialála arís nuair a athosclofar seirbhísí i gCéim 3. Le linn na cigireachtaí, déanfaidh Tusla measúnú ar:

1. na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chosc ar aon dul leis an seicliosta féinmheasúnaithe
2. ábhair nár comhlíonadh leo roimhe seo agus
3. cúram agus folláine fhoriomlán na leanaí

Tá folláine leanaí agus eispéireas dearfach a sholáthar agus iad ag filleadh ar shuíomhanna luathbhlianta ríthábhachtach ag an am seo. Tá sé de dhualgas orainn go léir a chinntiú go bhfuil athoscailt na seirbhísí dírithe ar leanaí agus go dtugtar tosaíocht do shábháilteacht agus d'fholláine leanaí, agus cloí le comhairle sláinte poiblí chun scaipeadh COVID-19 a íoslaghdú.

Ba cheart tacaíocht a thabhairt don fhoireann le faisnéis, oiliúint agus treoir chun a sábháilteacht féin agus sábháilteacht na leanaí a dtugann siad aire dóibh a chinntiú.

Níl sé i gceist go mbeadh an doiciméad seo in ionad treorach eile maidir le COVID-19 a forbraíodh. Féach ar shuíomhanna Gréasáin FSS(<https://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/covid19-updates/>) agus HPSC (<https://www.hpsc.ie/az/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/>) don fhaisnéis agus don chomhairle is déanaí.

Má tá aon cheist agat faoin doiciméad treorach nó na cigireachtaí seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le:

Ainm	Teagmháil	Ríomhphost	Réigiún
Margaret Monahan	091 775823	Margaret.Monahan1@tusla.ie	Iarthuaisceart & Iarthar-Láir
Karina Cullen	087 6873904	karina.cullen@tusla.ie	Baile Átha Cliath Theas & Baile Átha Cliath Lár Laighean
Paula O'Keeffe	087 9115333	Paula.OKeeffe@tusla.ie	Thoir Theas & Thiar Theas
Breda Hayes	087 1784593	breda.hayes7@tusla.ie	Baile Átha Cliath Thuaidh & Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Cuid 1: Roimh an oscailt - Ullmhacht

Tá sé de dhualgas ar gach soláthróir cúraim leanaí luathbhlianta cláraithe faoi rialachán 23 gach beart réasúnach a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus mar a luadh i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 agus i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2016. 1 Cuideoidh an doiciméad agus an seicliosta féinmheasúnaithe COVID-19 seo leat do chuid oibleagáidí rialála a chomhlíonadh. Is iad na 5 phríomhréimse atá le forbairt nó le breithniú lena gcur chun feidhme:

1. Fógra a thabhairt do Tusla
2. Beartais
 - 2.1 Beartas um Rialú Ionfhabhtaithe
 - 2.2 Beartas um Bhainistiú Riosca
3. Foireann
 - 3.1 Uainchlár Foirne
 - 3.2 Oiliúint Foirne
4. Cumarsáid le Tuismitheoirí/Caomhnóirí
5. Timpeallacht Fhisiceach

1. Fógra a Thabhairt do Tusla

Ceanglaítear ar sholáthraí cláraithe de réir Airteagal 31 den Rialachán um an Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 fógra a thabhairt d'oifig chlárúcháin na luathbhlianta laistigh de thrí lá oibre tar éis dó teacht ar an eolas faoi eachtra infhógartha, trí fhoirm fógra teagmhais a úsáid.

Sainmhínítear teagmhais sna rialacháin agus áirítear leo diagnóis linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, fostaí, oibrí gan phá, conraitheoir nó duine eile atá ag obair sa tseirbhís mar dhuine atá ag fulaingt ó ghalar tógálach.

Tá COVID-19 curtha san áireamh i liosta na ngalar tógálach agus caithfear é a fhógairt laistigh de thrí lá oibre ó theacht ar an eolas faoi eachtra infhógartha. Cruthaíodh foirm fhógra do COVID-19 agus tá faisnéis bhreise ann maidir leis an mbaol de dhúnadh mar thoradh ar COVID-19. Ní mór an foirm fhógra do COVID-19 a sheoladh ar ais chuig Tusla: ey.reception@tusla.ie

Is é cuspóir na foirme seo ná monatóireacht a dhéanamh ar:

- (a) aon saincheist sláinte poiblí maidir le COVID-19 atá ar feitheamh i suíomhanna luathbhlianta
- (b) leanúint den soláthar cúram leanaí, go háirithe i réimsí a bhfuil ganntanas cúram leanaí acu.

Cuirfear an córas seo i bhfeidhm a luaithe agus a athosclofar seirbhísí i gCéim 3 (29 Meitheamh). Tá an córas reatha fógra i bhfeidhm maidir le gach eachtra infhógartha eile. ²

2. Beartais

2.1 Beartas um rialú ionfhabhtaithe

Déantar scaipeadh an ionfhabhtaithe a íoslaghdú trí leanaí agus baill foirne a eagrú i ngrúpaí nó i "meithleacha súgartha" sa mhéid agus a bhfuil sé seo praiticiúil. Is éard atá i gceist le 'meitheal súgartha' ná grúpa leanaí agus an duine fásta/na daoine fásta a fhanann leis an ngrúpa sin mar phríomhoibrí (oibríthe). Tá sé beartaithe go bhfanfaidh an fhoireann agus na leanaí céanna le chéile gach lá, i rith an lae, a mhéid is féidir. B'fhéidir nach mbeidh foirmiú de mheithleacha súgartha ábhartha i suíomhanna a thugann aire do líon níos lú de leanaí. Is é an cuspóir ná idirghníomhaíochtaí agus comhroinnt saoráidí idir meithleacha súgartha a theorannú. Má sheachadtar cúram leanaí laistigh de struchtúr meithle súgartha, i seomraí móra féadtar na meithleacha súgartha a dheighilt le deighiltí éadroma ar airde leordhóthanach chun leanaí a idirghníomhaíonn lena chéile a theorannú. Níl aon cheanglas maidir le deighiltí soladacha ón urlár go síleáil.

Ní féidir scaradh fisiceach a urramú nuair a bhíonn tú ag tabhairt aire do leanbh óg agus níl sé praiticiúil ná inmholta scaradh fisiceach a fhorfheidhmiú idir leanaí óga a dtugtar cúram dóibh mar ghrúpa/meitheal súgartha.

Sonraítear sa bheartas maidir le rialú ionfhabhtaithe do sheirbhís luathbhlianta na nósanna imeachta atá le leanúint chun baill foirne agus leanaí luathbhlianta atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint ar scaipeadh na n-ionfhabhtuithe. Ba cheart go sonrúfaí sa bheartas um rialú ionfhabhtaithe an chaoi a gcomhlíonfaidh an tseirbhís na riachtanais maidir le meitheal súgartha agus ailíniú le treoir IFCS' ***Treoir um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe COVID-19 do shuíomhanna a sholáthraíonn cúram leanaí le linn na Paindéime COVID-19'*** agus ***Bainistiú galar tógálach in áiseanna chúram leanaí agus suíomhanna chúram leanaí eile.***³ Tá príomheilimintí an bheartais mionsonraithe freisin i gCreat Cáilíochta agus Rialála Tusla (QRF). ⁴

² Féach an nasc seo a leanas chun teagmhais a fhógairt (neamh-COVID-19) <https://www.tusla.ie/services/preschool-services/notification-of-incidents-form/>

³ <http://www.hpsc.ie/az/lifestages/childcare/>

⁴ Creat Cáilíochta agus Rialála (2018), Cúram Lae Iomláin agus Seirbhísí Cúraim Lae Pháirtaimseartha, Luathbhlianta Tusla Cigireacht, Agusín 4, Beartas maidir le Rialú Ionfhabhtaithe, lch98-99. www.tusla.ie

Ba cheart beartas nuashonraithe um rialú ionfhabhtaithe a ionchorprú sa sceideal glantacháin nua agus nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le leanaí a fhágáil agus a bhailiú sa tseirbhís mar fhreagairt ar COVID-19. Ní mór don bheartas seo a scaipeadh ar bhail foirne agus ar thuismitheoirí/chaomhnóirí sula n-athosclófar an tseirbhís. Ní mór go léireofar sa bheartas seo an chomhairle a d'eisigh Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte FSS (IFCS) maidir le scaipeadh agus tarchur COVID-19 a laghdú, agus ba cheart go mbeadh comharthaí ann maidir leis an gcaoi a bhfuil scaradh sóisialta, níochán láimhe agus béasaíocht casachta á bhainistiú sa tseirbhís don fhoireann agus do thuismitheoirí/caomhnóirí.

Sceidil Ghlantacháin

- Ní mór go sonraítear sa sceideal glantacháin na spásanna atá le glanadh, go háirithe dromchlaí a gcuirtear lámha orthu go minic, m.sh. lasca solais, hanlaí dorais, sconnaí, hanlaí sruthlaithe leithris, táblaí
- Ba cheart go sonrófaí sa mhodh glantacháin, minicíocht an ghlantacháin, agus an táirge glantacháin atá le húsáid
- Ba chóir go gcuimseofaí sa sceideal glantacháin na bréagáin go léir, go háirithe bréagáin a chuirtear i mbéil, agus bréagáin agus trealamh a úsáidtear lasmuigh freisin
- Ní mór go mbeadh nós imeachta i bhfeidhm chun gobáin, cupáin shúimín, agus gairis coganta céadfacha béil a ghlanadh agus a stóráil
- Ní mór liosta de na táirgí glantacháin a choinneáil agus treoracha soiléire maidir lena n-úsáid scríofa orthu

2.2 Beartas um bainistiú riosca

Is éard atá sa bheartas um bainistiú riosca do sheirbhís luathbhlianta ná beartas ar an modh a úsáidtear soláthraí cláraithe chun aon rioscaí féideartha do shábháilteacht na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís a mheas. Cumhdaítear freisin na céimeanna a glacadh chun na rioscaí sin a dhíchur nó chun iad a laghdú. Má tá bearta riosca agus rialaithe sainaitheanta ag seirbhís sa bheartas athbhreithnithe um rialú ionfhabhtaithe, ní gá don tseirbhís iad a athrú sa bheartas seo. Féadaidís comharthaíocht a dhéanamh idir na doiciméid.

Tá príomheilimintí an bheartais um bainistiú riosca mionsonraithe i gCreat Cailíochta agus Rialála Tusla.⁵

Le linn COVID-19, ba cheart duit do bheartas um bainistiú riosca a athbhreithniú. Ní mór d'fhoirmeacha Measúnaithe Riosca na rioscaí, na gníomhartha nó na bearta rialaithe curtha i bhfeidhm a chuimsiú.

Mar chuid den phlean um bainistiú riosca ní mór plean teagmhais COVID-19 a fhorbairt lena n-áireofar:

- An gníomh atá le glacadh má tá amhras ann go bhfuil COVID-19 ar leanbh nó ball foirne nó go bhfuair siad tástáil dhearfach.
- Ní mór aon leanbh/duine fásta a dtagann tús tobann d'airíonna COVID-19 orthu a scaradh ón ngrúpa láithreach mura féidir leo an

⁵ Creat Cailíochta agus Rialála (2018), Cúram Lae Iomláin agus Seirbhísí Cúraim Lae Pháirtaimseartha, Luathbhlianta Tusla, Aguisín 17. Beartas um Bainistiú Riosca, Lgh 123-124. www.tusla.ie

áitreabh a fhágáil láithreach. Má tá leanbh ag fanacht ar dhuine chun é nó í a bhailiú, ba chóir ball foirne aonair fanacht leis an leanbh i seomra/spás dea-aeráilte ar leithligh den tseirbhís. Mura bhfuil seomra ar leithligh ar fáil, ansin féadfaidh an duine siomptómach fanacht in áit 2m ar shiúl ó dhaoine eile sa seomra

- Ba cheart go mbeadh soláthar leordhóthanach de mhaise mháinliachta ag an tseirbhís d'aon duine a dtagann airíonna COVID-19 orthu nó má roghnaíonn ball foirne ceann a úsáid agus é nó í ag tabhairt aire do leanbh atá tinn

3. Foireann

Tá freagrachtaí breise ar gach fostóir maidir le baill foirne le linn paindéime COVID-19, agus tá siad seo leagtha amach Prótacal um Obair go Sábháilte - Prótacal Náisiúnta COVID-19 d'Fhostóirí agus Oibríthe (Rialtais na hÉireann).⁶ Tá an doiciméad seo deartha chun tacú le fostóirí agus le hoibríthe bearta a chur i bhfeidhm a chuirfidh cosc ar COVID-19 a scaipeadh san ionad oibre nuair a athosclófar an geilleagar ar bhonn céimnithe Ceanglófar ar gach seirbhís príomhionadaí oibrí amháin ar a laghad a cheapadh chun a chinntiú go gcloítear go docht le bearta COVID-19 sa tseirbhís.

3.1 Uainchlár Foirne

- Ní mór don soláthraí cláraithe foirm réamhfillteach ar obair a chomhlánú le gach fostaí sula bhfillfidh siad ar an obair, féach prótacal um fhilleadh ar obair an FSS (féach an fonóta thíos)
- Ní mór a chinntiú sna huainchláir fhoirne go gcomhlíonann cóimheas leanaí/foirne na rialacháin
- Ba chóir baill foirne leithdháilte a shannadh do ghrúpa/meitheal súgartha amháin de leanaí. Beidh gá le baill foirne chomhlúthachta/faoisimh a bhogann ó ghrúpa go grúpa ach ba cheart go mbeadh sé seo teoranta a oiread agus is féidir.
- Moltar gur chóir go mbeadh beirt dhuine fásta i 'meitheal súgartha'. Ba cheart go leanfadh seirbhísí ag feidhmiú laistigh de chóimheas rialála aosach-leanaí agus mar sin beidh méid na meithle (le beirt dhuine fásta) teoranta ag na cóimheasa sin.
- Ní mór do bhaill foirne a sosanna a chéimniú agus níor chóir dóibh teacht le chéile i spásanna comhchoiteanna eile ar fud na seirbhíse nó lasmuigh chun scaradh sóisialta a choinneáil
- Ní mór do bhaill foirne bhreise a bheith ar fáil má éiríonn ball foirne tinn nó má bhíonn air/uirthi féin-aonrú. Ní mór don soláthraí cláraithe plean a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar neamhláithreacht mar gheall ar COVID-19 agus ar an gcaoi a gcoinneofar leibhéal foirne sna cásanna sin

3.2 Oiliúint foirne

Beidh gá le dea-chumarsáid/dea-oiliúint agus cruinnithe foirne rialta chun COVID-19 a bhainistiú i suíomh luathbhlianta.

3.2.1 Teastóidh oiliúint shonrach ón bhfoireann maidir leis na rudaí seo a leanas:

⁶ COVID-19 - Tá comhairle FSS d'fhostóirí agus d'fhostaithe ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/publication/22829a-return-to-work-safely-protocol/>

- Beartas athbhreithnithe maidir le rialú ionfhabhtaithe, bainistiú riosca, plan teagmhais, beartas um athrú clúidíní srl.
- Toisc go bhfuil níos áfach láimhe rithábhachtach chun scaipeadh an víris a chosc, ní mór don fhoireann uile atá ag obair sna suíomhanna seo oiliúint i níos áfach láimhe a fháil. Féach [_https://www2.hse.ie/wellbeing/how-to-wash-your-hands.html](https://www2.hse.ie/wellbeing/how-to-wash-your-hands.html)
- Na nósanna imeachta athbhreithnithe, maidir le glanadh agus fágáil agus bailiú na leanaí
- Conas timpeallacht súgartha a bhunú i meitheal súgartha chun riachtanais leanaí a mhealladh agus chun freastal orthu
- Conas trealamh cosanta pearsanta (TCP) a úsáid má bhíonn leanbh tinn

Caithfidh an soláthraí cláraithe taifead a choinneáil den oiliúint uile a chuirtear ar fáil do na baill foirne. Ba cheart duit smaoineamh ar phacáiste oiliúna a fhorbairt do gach ball foirne agus, nuair atá sé inrochtana, oiliúint fhíorúil a úsáid.

3.2.2 Sula n-osclaítear an tseirbhís arís, ní mór don soláthraí cláraithe teagmháil a dhéanamh le gach ball foirne chun a fháil amach an raibh siad i dteagmháil le cás amhrasta/dearbhaite nó an bhfuil na hairíonna orthu féin.

4. Cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le cuairteoirí eile ar an tseirbhís.

- 4.1 Bealach soiléir a fhorbairt chun athruithe ar bheartas agus ar chleachtas agus aon fhaisnéis ábhartha eile a chur in iúl do thuismitheoirí / chaomhnóirí. Ní mór don fhaisnéis a bheith reatha agus inrochtana.
- 4.2 B'fhéidir go gcaithfear foirmeacha rollaithe a nuashonrú toisc go bhféadfadh sé gur athraigh an duine / na daoine atá údaraithe chun an leanbh a bhailiú mar gheall ar COVID-19.
- 4.3 A chinntiú nach mbailíonn tuismitheoirí/caomhnóirí nó daoine fásta tionlacain le chéile ag na bealaí isteach chuig an tseirbhís. Is féidir é seo a éascú trí amanna fágála a eagrú ag amanna difriúla agus ba chóir na spásanna fágála nó bailiúcháin a bheith marcáilte go soiléir.
- 4.4 Caithfear teagmháil éigeandála bhreise a iarraidh ar thuismitheoirí/caomhnóirí i gcás nach féidir teagmháil a dhéanamh leo.
- 4.5 Is modhanna iad bileoga faisnéise, ardáin dhigiteacha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, glao físe/gutha, ar féidir leis an tseirbhís iad a úsáid chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar fhaisnéis den sórt sin a sholáthar i dteanga atá furasta a thuiscint do thuismitheoirí/caomhnóirí na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- 4.6 Caithfidh an méid seo a leanas a bheith san fhaisnéis a chuirtear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí:
 - Polasaithe athbhreithnithe na seirbhíse

- Nósanna imeachta fágála agus bailiúcháin
- Seiceálacha teochta ar leanaí a bhfuil teocht ardaithe acu i rith an lae
- Ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí glaóch ar an soláthraí cláraithe má éiríonn a leanbh tinn agus mura féidir leis nó leí freastal ar an tseirbhís
- Tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas nár chóir do leanbh ar bith freastal ar an tseirbhís má bhíonn airíonn cosúil le casacht, fiabhras nó deacrachtaí anáilaithe aige nó aici.
- An gníomh atá le glacadh má tá amhras ann go bhfuil COVID-19 ar leanbh nó ball foirne nó go bhfuair siad tástáil dearfach.
- An gníomh atá le déanamh má thaispeánann leanbh, nó ball foirne airíonna nuair a bhíonn siad sa tseirbhís
- An gníomh atá le déanamh má thagann leanbh nó ball foirne i dteagmháil le duine le COVID-19.

5. Timpeallacht fhisiceach - foirgneamh

Ag teacht leis an gcomhairle sláinte poiblí agus an treoir shaineolach a eisíodh, ba cheart na bearta seo a leanas a dhéanamh sula n-osclaítear an t-áitreabh

- 5.1 Caithfear an t-áitreabh a ghlanadh go himmheánach agus go seachtrach sula n-osclaítear arís é. Ní mór do gach bréagán agus trealamh a bheith san áireamh anseo.
- 5.2 Smaoinigh ar leagan amach na seomraí cúraim agus pleanáil an limistéar súgartha lasmuigh chun a chinntiú go bhfanfaidh leanaí ina meithleacha súgartha. Cé nach mbeidh gá le scaradh sóisialta a fhorfheidhmiú agus iad i meitheal súgartha, ba cheart meascadh le grúpaí / meithleacha súgartha eile a sheachaint.
- 5.3 Smaoinigh ar na bréagáin / trealamh súgartha agus na hábhair is oiriúnaí le húsáid (féach ar chuid 10).
- 5.4 Ní mór fógra (ar fáil i dteanga atá furasta a thuiscint do thuismitheoirí/chaomhnóirí na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís) a chur ag bealach isteach na seirbhíse ina luaitear nach féidir le leanaí agus baill foirne a bheith i láthair má bhíonn an méid seo a leanas ag leanbh/tuismitheoir/ball teaghlaigh nó ball foirne:
 - Comharthaí nó airíonn d'ionfhabhtaithe riospráide, mar shampla casacht, giorra anála, agus/nó fiabhras
 - Teocht de 38°C nó os a chionn
- 5.5 Féach ar shuíomh Gréasáin IFCS go rialta le haghaidh nuashonruithe maidir le húsáid trealamh cosanta pearsanta (TCP).

- 5.6 Ba chóir go mbeadh soláthar leordhóthanach de tháirgí glantacháin i ngach seomra cúraim agus iad stóráilte in áit shlán ionas nach mbeidh ar an bhfoireann an seomra cúraim a fhágáil chun iad a fháil. Beidh ar an soláthraí cláraithe a chinntiú go bhfuil soláthairtí leordhóthanacha de tháirgí glantacháin, gallúnach leachtach, tuáille láimhe páipéir ar fáil.
- 5.7 A chinntiú go bhfuil teirmiméadar oiriúnach ag an tseirbhís chun teocht an linbh a thógáil.
- 5.8 Bunaigh pointe fágála agus bailiúcháin lasmuigh den suíomh cúram leanaí. Ba chóir go mbeadh aistrithe leanaí ag amanna fágála agus bailiúcháin le tuismitheoirí/caomhnóirí gairid agus ag amanna difriúla. Ba chóir glao gutháin/téacs a úsáid más gá cumarsáid bhreise.
- 5.9 Bíodh comharthaíocht chuí ar thaispeáint, mar shampla marcóirí scartha fisiciúla ar an talamh taobh amuigh de bhealach isteach na seirbhíse.
- 5.10 Más féidir, ba chóir go mbeadh seomra ar leithligh de mhéid oiriúnach atá dea-aeráilte ar fáil don fhoireann nó do leanaí (agus duine fásta leo) chun a fhéinleithlisiú má thagann airíonna ar dhuine ar bith. Mura bhfuil seomra ar leithligh ar fáil, ba cheart spás eile a leithdháileadh chun é a úsáid, atá 2 mhéadar ó leanaí.
- 5.11 Smaoinigh ar iliomad bealaí isteach agus bealaí amach chuig an bhfoirgneamh a chruthú, ina bhfuil níos mó ná ceann amháin ar fáil, chun plódú a sheachaint agus chun scaradh sóisialta a éascú.

Cuid 2: Ar Oscailt agus i bhFeidhm - Príomhréimsí le machnamh a dhéanamh chun a bheith slán 11

1. Taifid tinrimh
2. Sláinteachas láimhe
3. Sláinteachas pearsanta / béasaíocht riospráide
4. Cás amhrasta COVID-19
5. Scaradh sóisialta
6. Glantachán na timpeallachta
7. Bainistiú dramhaíola
8. Trealamh cosanta pearsanta
9. Aeráil
10. Bréagáin agus ábhair/gníomhaíochtaí súgartha
11. Súgradh lasmuigh
12. Soláthar bia
13. Codladh agus scíth

1. Taifid tinrimh

1.1 Ní mór taifid iomlána agus chruinne ar thinreamh a choinneáil do gach leanbh agus duine fásta agus d'aon duine a thugann cuairt ar an tseirbhís. Ina theannta sin, ba cheart aon ghrúpáil leanaí agus foirne i meitheal súgartha a thaifeadadh. Cuideoidh sé seo le rianú teagmhála más gá.

2. Sláinteachas láimhe

2.1 Ní mór don soláthraí cláraithe a chinntiú go bhfuil dóthain áiseanna níocháin láimhe agus soláthairtí d'uisce te (<43.0 ° C), gallúnach leachtach, tuáillí páipéir, díghalrán lámh (os cionn 60% alcól ann) agus boscaí bruscair le haghaidh na tuáillí páipéir ar fud na seirbhíse.

2.2 Caithfidh baill foirne a lámha féin a ní agus cuidiú le lámha leanaí a ní le gallúnach leachtach agus le huisce te reatha (mar is cuí de réir aoise). Tuáillí páipéir indiúscartha aon úsáide le húsáid chun triomú láimhe.

2.3 Ba chóir go ndéantar na lámha a ní ar a laghad:

- Díreach tar éis teacht isteach sa seirbhís nó tar éis í a fhágáil

- Nuair a théitear isteach/nuair a fhágtar aon seomra cúraim nó seomra comhchoiteann, seomra foirne, seomra folctha, seomra níocháin laistigh den tseirbhís
- Díreach tar éis súgartha lasmuigh agus roimh dul ar ais sa tseirbhís arís
- Roimh agus tar éis clúidín a athrú
- Tar éis an leithreas a úsáid
- Sula n-itear na béilí
- Ba chóir do gach ball foirne agus leanbh a lámha a ní tar éis srón leanaí a ghlanadh. Spreagtar leanaí chun é seo a dhéanamh iad féin, ach d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh ag teastáil ó leanaí níos óige
- Más léir go bhfuil siad salach
- Tar éis sraoth a ligean agus tar éis casachta
- Roimh agus tar éis bia a láimhseáil
- Roimh agus tar éis aire a thabhairt do leanbh tinn

2.4 Ba chóir ingne a ghearradh gearr agus níor chóir vearnais ingne a chur orthu Ba chóir go mbeadh lámha agus méara saor ó sheodra agus ó ingne aicrileach.

2.5 Is féidir díghalrán lámh a úsáid mar mhalairt ar lámha a ní i gcás nach bhfuil áiseanna níocháin láimhe ar fáil go héasca lasmuigh. Ba chóir go gcuirfí díghalrán lámh as rochtain leanaí óga. Ba chóir maoirseacht a dhéanamh ar leanaí i gcónaí agus iad ag úsáid díghalrán lámh.

2.6 Ba chóir go mbeadh díghalrán lámh ar fáil ag gach bealach isteach agus amach den seirbhís agus ag an mbealach isteach do gach seomra cúraim. Ba chóir an díghalrán a úsáid gach uair a théann duine fásta nó leanbh isteach agus amach ó sheomra.

3. Sláinteachas pearsanta / béasaíocht riospráide

3.1 Ba chóir na céimeanna riachtanacha a mhúineadh do leanaí maidir lena gcuid lámh a ní agus béasaíocht riospráide atá oiriúnach dá gcéim forbartha (féach ar: <https://www.youtube.com/watch?v=Mcpm-HCIW9Q>). ⁷ Ba chóir don fhoireann agus do leanaí teagmháil lena súile, srón nó béal a sheachaint. Is féidir cluichí, amhráin agus rímeanna a úsáid chun cleachtais a chur in iúl atá éasca do leanaí a thuiscint.

3.2 Clúdaigh do bhéal agus do shrón le ciarsúr glan agus tú ag casacht agus ag sraothartach agus ansin cuir an ciarsúr go pras i mbosca bruscair a osclaítear le do chos - tá na lámha le níochán nó díghalrán le cur orthu díreach ina dhiaidh sin. Ba chóir go mbeadh soláthar ciarsúr ar fáil i ngach seomra cúraim. Mura bhfuil ciarsúr ar fáil, is é an cleachtas is fearr ná casacht nó sraoth a ligean isteach i lúb na huillinne

⁷ www.safefood.eu/handwashing

ní isteach sna lámha.

3.3 Caithfear na lámha a ní tuilleadh agus tú ag tabhairt aire do bhabaí nó do leanaí atá ag gearradh fiacla nó ag prislíneacht.

3.4 Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shláinteachas pearsanta agus tú ag tabhairt aire do bhabaí agus do leanaí óga a dteastaíonn dlúth-theagmháil choirp agus chompord uathu. D'fhéadfadh pointí teagmhála cosúil le muineál nó airm a bheith éillithe le tál nó múcasach, agus ba chóir iad seo a ní láithreach. Ba chóir éadaí foirne nó leanaí atá salach a athrú, agus na lámha a ní. Caithfear aghaidheanna leanaí, go háirithe naíonáin agus leanaí óga, a choinneáil glan ó tháil trí níochán cúramach agus socair.

3.5 Ní mór don fhoireann a chinntiú go bhfuil i ndóthain éadaí glana breise acu le hathrú más gá i rith an lae. Ba cheart go mbeadh soláthar leordhóthanach éadaí glana breise ar fáil do gach leanbh sa tseirbhís.

4. Cás amhrasta COVID- 19

Nóta: Tá sé tábhachtach tagairt a dhéanamh do threoir IFCS maidir le bainistíocht galar tógalach in áiseanna cúram leanaí agus i suíomhanna cúram leanaí eile

4.1 Má tá amhras ann faoi ionfhabhtú de COVID-19, ba cheart teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí ionas gur féidir leo an leanbh a bhailiú láithreach agus dul i gcomhairle lena ndochtúir teaghlaigh. Idir an dá linn, ba chóir an leanbh a choinneáil compordach agus ar shiúl ón bpríomhghrúpa leanaí agus ciarsúir a bheith ar fáil agus uisce le hól.

4.2 Moltar teirmiméadar neamhtheagmhála infridhearg a úsáid. Mura n-úsáidtear teirmiméadar infridhearg, caithfear teirmiméadar le cumhdaigh chosanta aon úsáide a úsáid.

4.3 Níor chóir d'aon leanbh atá i ndlúth-theagmháil le duine a bhfuil diagnóis dheimhnithe air nó a bhfuil amhras ann go bhfuil COVID-19 air freastal ar an tseirbhís, agus ba chóir dó nó di fanacht sa bhaile i gcoraintín ar feadh 14 lá.

4.4 Má chaith leanbh nó duine fásta a diagnóisíodh go bhfuil COVID-19 air nó uirthi am i spás comhchoiteann cosúil le limistéar súgartha nó limistéar codlata, nó má d'úsáid siad na háiseanna leithris nó seomra folctha, ba chóir na spásanna seo a ghlanadh le glantach tí agus dífhabhtán chomh luath agus a fhéadtar é sin a dhéanamh go praiticiúil.

4.5 Tabhair aird ar leith ar shuíomhanna a gcuirtear lámh orthu go minic lena n-áirítear hanlaí dorais, chúil chathaoireacha, sconnaí báisíní níocháin, hanlaí leithris. Nuair a bheidh an glanadh agus an díghalrú críochnaithe agus na dromchlaí go léir tirim go hiomlán, is féidir an spás a úsáid arís.

5. Scaradh sóisialta a choimeád nuair is féidir

5.1 Coimeád scaradh sóisialta de 2m ar a laghad nuair is féidir trí scuaine nó teacht le chéile ag amanna fágála agus bailiúcháin a sheachaint. Déan amanna fágála agus

bailiúcháin a sceidealú do leanaí aonair ionas nach dtiocfaidh gach leanbh nó nach bhfágann siad ag an am céanna. Féadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí fanacht i gcarranna ionas nach mbeidís i dteagmháil lena gcéile ag an mbealach isteach. Ní mór do mharcóirí scartha a chur lasmuigh den tseirbhís nuair is féidir. Ba chóir leanaí a thabhairt díreach chuig a seomra cúraim ar leith nuair a thagann siad.

- 5.2 Ba chóir do bhaill foirne ó 'mheithleacha súgartha' éagsúla an scaradh sóisialta (2 mhéadar) a choinneáil. I gcás go bhfuil beirt bhall foirne mar chuid de mheitheal amháin, ba cheart dóibh an scaradh sóisialta a choimeád a mhéid is indéanta.
- 5.3 Seachain grúpaí a mheascadh (mar shampla am ciorcail) agus bain úsáid as áiteanna comhchoiteanna nó spásanna roinnte ar nós seomraí bia, seomraí ilchuspóireacha nó seomraí céadfacha.
- 5.4 Nuair is gá, bain táblaí/cathaoireacha ó sheomraí ranga/seomra foirne chun líon na ndaoine in aghaidh gach tábla a theorannú agus an scaradh sóisialta a choimeád.
- 5.5 In imthosca áirithe (ie, áiteanna bia comhchoiteanna), b'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach béilí agus gníomhaíochtaí a chéimniú ag amanna éagsúla.
- 5.6 Ba cheart aslonnú dóiteáin a dhéanamh in aghaidh an tseomra seachas an foirgneamh iomlán le linn na tréimhse COVID-19.
- 5.7 Sa chás go dteastaíonn seachadtaí seachtracha, caithfear cleachtais a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfanfaidh baill foirne seachadta lasmuigh den áitreabh agus go gcloíonn siad le scaradh sóisialta agus dea-chleachtais rialaithe ionfhabhtaithe. Caithfear conraitheoirí cothabhála nó seachtracha (lena n-áirítear foireann ghlantacháin) a thabhairt isteach taobh amuigh de ghnáthuaireanta nuair is féidir.

6. An timpeallacht a ghlanadh

Nóta: Teoir IFCS maidir le bainistiú galar tógalach in áiseanna cúram leanaí agus i suíomhanna cúram leanaí eile

- 6.1 Caithfear an tseirbhís a ghlanadh sula n-osclaítear arís í.
- 6.2 Minicíocht agus méid na gcóras glantacháin a mhéadú agus a chinntiú go gcuimseofar:
 - Rudaí agus dromchlaí a gcuirtear lámh orthu go rialta a ghlanadh le táirge glantacháin tí
 - Aird ar leith a thabhairt do spásanna a gcuirtear lámh orthu go minic ar nós hanlaí doirse, ráillí/ráillí láimhe i gconairí/staighrí, cuntair oibre brataithe le plaisteach nó lannaithe, deasca, ceapa tadhaill rochtana, teileafóin/méarchláir in oifigí, agus leithris/sconnaí/feistis sláintíochta
 - Lámhainní rubair a chaitheamh agus atá dromchlaí á nglanadh. Na lámhainní a ní agus iad fós ort, ansin nigh do lámha tar éis duit iad a bhaint díot
- 6.3 Ní mór an fhreagracht as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhairí agus trealamh glantacháin a ainmniú do dhuine ainmnithe.
- 6.4 Ní mór do sheirbhísí a oibríonn dhá sheisiún in aghaidh an lae a ghlanadh agus a

aeráil go críochnúil idir seisiúin.

- 6.5 Ba chóir an tseirbhís a ghlanadh go críochnúil i rith an lae ag amanna ainmnithe. Má tá foireann thiomnaithe glantacháin á bhfostú acu, ba cheart dóibh oibriú lasmuigh d'uaireanta oscailte na seirbhíse. Agus iad ag glanadh, ba chóir don fhoireann glantacháin lámhainní agus naprúin a chaitheamh.
- 6.6 Is leor uisce te agus glantach ilchuspóireach (a úsáidtear de réir threoracha an mhonaróra) chun críochna glantacháin ghinearálta.
- 6.7 Ba chóir áiteanna a gcuirtear lámh orthu go minic, ar nós táblaí, cuntair, hanlaí doirse, lasca agus ráillí láimhe a ghlanadh go minic le díghalráin. Más léir go bhfuil an dromchla salach, ba chóir glantach tí agus uisce te a úsáid sula ndéantar an dromchla a dhíghalrú.

Féach www.hpsc.ie le haghaidh sonraí nuashonraithe

7. Bainistiú dramhaíola

- 7.1 Ba chóir gach dramhaíl phearsanta, lena n-áirítear ciarsúir úsáidte agus gach dramhaíl ghlantacháin, a chur i mála bruscair phlaisteach.
- 7.2 Ba chóir an mála a cheangal nuair atá sé beagnach lán agus ansin é a chur i dara mála bruscair agus é sin a cheangal. Nuair a bheidh an mála ceangailte go daingean, ba chóir é a fhágáil áit éigin sábháilte.
- 7.3 Ba chóir go mbeadh boscaí bruscair chos-oibrithe ar fáil i ngach seomra agus iad a bheith inrochtana don fhoireann agus do na leanaí.
- 7.4 Sa chás go dtarlaíonn cás amhrasta nó cás dearbhaithe de COVID-19 sa seirbhís, moltar an córas bainistíochta dramhaíola seo a leanas:
- Tá soláthar málaí bruscair ar fáil chun málaí dúbailte a úsáid agus chun dramhaíl éillithe a dhiúscairt nach mbeidh le húsáid ach amháin má tá amhras ann go bhfuil cás COVID-19 sa tseirbhís
 - Caithfidh spás ainmnithe chun dramhaíl COVID-19 éillithe a stóráil ar feadh 3 lá a bheith ar fáil agus ina dhiaidh sin is féidir í a chur le gnáthdramhaíl. Féach ar www.hpsc.ie.

8. Trealamh cosanta pearsanta (TCP)

- 8.1 Tá sé tábhachtach aird dhian a thabhairt ar shláinteachas pearsanta chun scaipeadh an víris a laghdú. Ní mór a chinntiú go bhfuil soláthar TCP ar fáil agus in úsáid nuair a éilíonn foireann na seirbhíse air. Ba chóir don fhoireann trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh, lena n-áireofar naprúin phlaisteacha indiúscartha aon úsáide, agus lámhainní neamh-thréscaoilteacha neamhphúdraithe nuair atá an baol ann go dtiocfaidh siad i dteagmháil le sreabháin choirp (mar shampla athrú clúidíní).
- 8.2 Ba cheart go mbeadh soláthar leordhóthanach de mhaisc mháinliachta ann d'aon duine a dtagann airíonna COVID-19 orthu nó má roghnaíonn ball foirne ceann a úsáid agus é nó í ag tabhairt aire do leanbh atá tinn.
- 8.3 Cé go gcaithfidh gníomhairí glantacháin agus TCP a bheith inrochtana don fhoireann,

ní mór na hearraí seo a stóráil go slán chun nimhiú nó díobháil do leanaí a sheachaint.

9. Aeráil

- 9.1 Caithfear seomraí a aeráil go maith trí fhuinneoga a choinneáil oscailte nuair is féidir ag amanna i rith an lae nó trí aeráil mheicniúil éifeachtach a úsáid.
- 9.2 Nuair a dhéantar aeráil trí mhodhanna meicniúla, caithfear an líon ceart athruithe aeir a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go gcuirtear aer úr ar fáil agus chun cabhrú le frídíní a bhaint. ⁸ Caithfear é a chothabháil, agus scagairí a athrú de réir threoracha an mhonaróra.

10. Bréagáin agus ábhair/gníomhaíochtaí súgartha

- 10.1 Níor cheart bréagáin nach féidir a ghlanadh de réir na dtreoracha a úsáid le linn na tréimhse seo
- 10.2 Caithfear bréagáin béil aonair a úsáidtear le haghaidh leanaí a bhfuil ag gearradh fiacla a thabhairt isteach ón mbaile agus gan iad a úsáid ach amháin má bhíonn gá leo. Ba chóir don fhoireann a bheith airdeallach nach n-aistrítear na hearraí seo idir leanaí agus go mbaintear iad díreach tar éis iad a úsáid. Caithfear earraí den sórt sin a steiriliú de réir threoir an mhonaróra. Beidh sé seo i bhfeidhm freisin do bhréagáin atá suite sa seomra a chuireann leanaí ina mbéal iad. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh treoir ó mhonaróirí maidir le tuaslagán steiriliú a bheith athraithe de bharr COVID-19.
- 10.3 A chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach bréagán agus trealaimh inrochtana agus glan do gach meitheal súgartha. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a roinntear bréagáin. Níor chóir bréagáin a roinnt idir 'meithleacha súgartha'. Ba chóir ábhair nach bhfuil in úsáid a bhaint den seomra agus a úsáid ar bhonn uainíochta.
- 10.4 Is féidir bréagáin shóláis ón mbaile a thabhairt isteach sa tseirbhís ach ní gá iad a roinnt le leanaí eile.
- 10.5 Is gá smaoineamh go cúramach ar úsáid cineálacha áirithe bréagán (m.sh. bréagáin bhog, bréagáin líonta, taos súgartha). Má mheastar go bhfuil a n-úsáid tábhachtach do na páistí tá sé tábhachtach gan earraí a roinnt idir leanaí a mhéid is praiticiúil. Ba chóir taos súgartha a athsholáthar go laethúil, agus ba chóir bréagáin bhog a ní go rialta.

11. Súgradh agus gníomhaíochtaí lasmuigh

- 11.1 Ba cheart an t-am a chaitear amuigh faoin aer a uasmhéadú nuair is féidir.
- 11.2 Is féidir turais a dhéanamh ón tseirbhís de réir na treorach sláinte poiblí Nuair a úsáideann seirbhís spás poiblí go rialta, is féidir leis an tseirbhís leanúint uirthi tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar aon rioscaí féideartha.
- 11.3 Ní mór úsáid an spáis lasmuigh a bheith céimnithe, mar sin féin is féidir le dhá mheitheal súgartha spraoi amuigh faoin aer ag an am céanna ar an gcoinníoll go gcloíonn siad le scaradh sóisialta.

⁸ <https://www.hpsc.ie/az/lifestages/childcare/File.13445.en> . lch. 68.

- 11.4 Ba chóir trealamh súgartha seasta sa spás lasmuigh a ghlanadh agus a dhíghalrú tar éis do gach grúpa an spás a úsáid agus taifead scríofa a bheith ar fáil.
- 11.5 Caithfidh gach ball foirne agus leanbh a lámha a ní ar athiontráil isteach san áitreabh tar éis súgartha lasmuigh. Ba chóir glanadh an limistéir súgartha lasmuigh a ionchorprú i sceideal glantacháin na seirbhísí.

12. Soláthar bia

- 12.1 Níor chóir go mbeadh baill foirne coimhdeacha / lónadóireachta ag bogadh idir seomraí. Ba chóir bia a thabhairt chuig na seomraí cúraim aonair agus é a sheirbheáil ar na baill foirne a leithdháiltear ar an seomra sin.
- 12.2 Má tá seomra bia ar fáil caithfear meascadh grúpaí éagsúla leanaí a sheachaint. Ba cheart úsáid chéimnithe a bhaint as an spás seo. Caithfear an limistéar itheacháin a ghlanadh idir béilí.

13. Codladh/scíth

- 13.1 Ba chóir cliabháin chodlata a shocrú mar is gnáth ionas go mbeidh achar fisiceach de 50cm idir na cliabháin. Ba chóir cliabháin chodlata a shocrú ionas go mbeidh achar fisiceach idir grúpaí cliabhán do leanaí ó mheithleacha éagsúla.

Má tá níos mó ná meitheal súgartha amháin i láthair i spás/seomra codlata ba chóir go mbeadh achar de 2m idir na meithleacha súgartha éagsúla (grúpaí leanaí).

- 13.2 Go hidéalach níor chóir go n-úsáidfeadh níos mó ná leanbh amháin cliabháin, agus b'fhearr go mbeadh a cliabhán ainmnithe féin nó leaba/mata codlata agus éadaí leapa ainmnithe féin ag gach leanbh a dteastaíonn cliabhán uaidh. Nuair nach féidir é seo a sholáthar, is féidir le leanaí an cliabhán céanna a úsáid ag amanna éagsúla faoi réir dianchleachtais rialaithe ionfhabhtaithe a leanúint idir úsáid:

- Fráma an chliabháin a ghlanadh
- An tocht a ghlanadh
- Éadaí leapa a athrú
- Lipéadú ar an trealamh codlata le hainm (neacha) na leanaí a úsáideann an cliabhán
- Taifead a choinneáil nuair a athraíodh na héadaí leapa

- 13.3 Caithfear tochtanna agus mataí codlata a ghlanadh go laethúil agus caithfear glanadh breise a dhéanamh nuair a bhíonn siad salach.

- 13.4 Tá gá le héadaí leapa agus braillíní a sholáthar, agus caithfidh an fhoireann a bheith airdeallach maidir le héadaí salach a bhaint agus a sciúradh go sábháilte agus chun éadaí leapa glan a stóráil go cuí. Gach níocháin le ní ag an teocht is airde is féidir atá oiriúnach don fhabraic. Féach ar <http://www.hpsc.ie/>.

- 13.5 Caithfidh troscán meánmhéide do leanaí a úsáidtear i gcoirnéil sóláis a bheith furasta a ghlanadh agus a chlúdach le hábhar inúsáidte.

14. Tuilleadh eolais

Má tá ceist agat maidir le COVID-19 agus cigireachtaí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le:

Ainm	Teagmháil	Ríomhphost	Réigiúin
Margaret Monahan	091 775823	Margaret.Monahan1@tusla.ie	Iarthuaisceart & Iarthar-Láir
Karina Cullen	087 6873904	karina.cullen@tusla.ie	Baile Átha Cliath Theas & Baile Átha Cliath Lár Laighean
Paula O'Keeffe	087 9115333	Paula.OKeeffe@tusla.ie	Thoir Theas & Thiar Theas
Breda Hayes	087 1784593	breda.hayes7@tusla.ie	Baile Átha Cliath Thuaidh & Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Gheobhaidh tú faisnéis chuiditheach freisin ag na naisc seo a leanas:

Tusla

www.tusla.ie

<https://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/>

<https://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/#PPPGs>

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí

Óige <https://www.gov.ie/en/publication/240258-up-to-date-information-on-covid-19/>

Treoir IFCS

<https://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirups/guidance/childcareguidance/>